CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 210/2022

an 8 Iúil 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn VI (Slándáil shóisialta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/627]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta ([1]) a ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 76/2011 ó Chomhchoiste LEE an 1 Iúil 2011 ([2]).

(2) Tar éis athrú ar reachtaíocht náisiúnta na hÍoslainne, ba cheart iontráil nua don Íoslainn a áireamh in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

(3) Rinneadh coigeartú le himeacht ama ar an modh ríofa agus ar an téarmaíocht in Acht um Árachas Náisiúnta na hIorua lena ndéantar cur síos ar na sochair íosta ráthaithe do dhaoine a rugadh faoi mhíchumas nó a dtagann mhíchumas orthu ag aois óg. Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart iontráil na hIorua a thabhairt cothrom le dáta chun an téarmaíocht náisiúnta atá ann faoi láthair a léiriú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn VI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar oiriúnú (k) de phointe 1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Comhaontú LEE (Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) a leasú mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach roimh 'LICHTINSTÉIN':

   'AN ÍOSLAINN:

   Tacaíocht shóisialta bhreise do dhaoine scothaosta (Acht Uimh. 74/2020 an 3 Iúil 2020).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs litir (a) den iontráil a bhaineann leis an Iorua:

   'Sochair íosta ráthaithe do dhaoine a rugadh faoi mhíchumas nó a thagann faoi mhíchumas ag aois óg faoin Acht um Árachas Náisiúnta (Caibidil 12, 17, 18, 19 agus 20).'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 9 Iúil 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
([2]) IO L 262, 6.10.2011, lch. 33.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON